Bileog 12

Printíseachtaí agus Cúrsaí Breisoideachais

Cad is printíseacht ann?

Is clár oiliúna agus oideachais atá sa phrintíseacht. Foghlaimíonn tú an cheird san áit oibre agus in institiúid oideachais agus oiliúna. Déantar ar a laghad leath den fhoghlaim phrintíseachta san áit oibre, agus íoctar tuarastal leat le linn d'oiliúna mar phrintíseach. Tá leathnú déanta ar réimse na bprintíseachtaí atá ar fáil (m.sh. cuntasaíocht, ceantálaíocht, cibearshlándáil). Tá 66 cineál printíseachta ar fáil faoi láthair.

Bronnann Údarás na Gaeltachta scoláireachtaí ar phrintísigh ar leith. Tá tuilleadh eolais ar fáil ag **https://apprenticeship.ie** agus ag **https://udaras.ie/oiliuint-fostaiocht/oiliuint/deiseanna-sceim-na-bprintiseach/**

- Luach níos mó ná €2,000 an ceann ag baint leis na scoláireachtaí.
- Dírithe ar dhaoine arb as an nGaeltacht dóibh.
- Ceirdeanna traidisiúnta chomh maith le printíseachtaí nua-aoiseacha.

Liosta de na printíseachtaí atá ar fáil ag an gcód QR seo!

Dheineas an Ardteist i mbliana, agus díreach tar éis na scrúduithe, thosnaíos ar phrintíseacht le siúinéir áitiúil. Bhíos chomh sásta an áit a fháil le Solas agus le siúinéir, mar tá ceardaíocht agus obair láimhe fíorthábhachtach dom. Bhí an saghas seo oibre an-tábhachtach do mo chlann i gcónaí agus bhí an-suim agam in obair láimhe ó bhíos óg. Táim tosnaithe anois le mí anuas agus is breá le mo chroí é. Fágaim mo thigh gach lá ar 8 a chlog agus téim siar go dtí an cheardlann chun tosnú ag obair ar na caibinéidí cisitine. Laethanta, bímid amuigh i dtithe ag cur isteach na gcistiní. Tá an-éagsúlacht leis an bhfoghlaim agus tá an taithí an-phraiticiúil – oireann sé go hiontach dom. Tuigim go mbeidh a lán deiseanna á bhfáil agam obair cheart a dhéanamh ag déanamh staighrí agus cistiní, agus nuair a bheidh an tréimhse príntíseachta curtha i gcrích agam laistigh de 4 bliana, beidh mé cáilithe agus beidh tarrac ar obair ar fáil dom aige baile nó aon áit ar fud na hÉireann, nó fiú thar lear. Tá an t-airgead an-mhaith mar ní féidir teacht ar dhóthain daoine atá i mbun na hoibre seo, agus tá an-scil ag baint leis. Táim chomh sásta go ndeineas an rogha seo mar tá a fhios agam go bhfuil sé an-oiriúnach domsa, go mbeidh gairm agam a thaitneoidh liom agus go mbeidh a lán deiseanna ann dom. Mholfainn d'aon duine óg go bhfuil suim acu in obair phraiticiúil dul le printíseacht.

– Séamus Ó Baróid, printíseach siúinéireachta

Cúrsaí Treasacha Úrnua

D'fhógair an *National Tertiary Office* (NTO) le déanaí go bhfuil tús curtha le clár 23 chúrsa treasach úrnua a chur ar fáil ón mbliain acadúil 2023/24 ar aghaidh. Ní bheidh aon phointí CAO i gceist. Tosóidh scoláirí ar na cúrsaí céime seo faoi stiúir an Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus bainfear céim amach ag an deireadh in Institiúid Ardoideachais. Ar dtús, bainfidh na cúrsaí le réimsí a phléifidh le Sláinte agus Cúram, na hEalaíona, Teicneolaíocht Faisnéise agus Chumarsáide, na Meáin, Innealtóireacht, agus Déantús agus Tógáil, ach cuirfear leis an liosta amach anseo. Tá tuilleadh eolais faoi na cúrsaí nua seo ar fáil ag nto.ie agus ag fetchcourses.ie

Printíseachtaí agus Cúrsaí Breisoideachais

Cúrsaí Breisoideachais agus Cúrsaí Rochtana

Tá tairbhe agus taitneamh ag baint le cúrsaí breisoideachais. Tugann siad deis do dhaoine a scileanna a fhorbairt chun post a fháil sa saol oibre, nó chun dul ar aghaidh chuig cúrsa tríú leibhéal trí chúrsaí rochtana. Féach thíos samplaí de chúrsaí breisoideachais/rochtana a bhfuil baint acu leis an nGaeilge, nó leis an gcultúr Gaelach. Tá liosta iomlán de na cúrsaí ar fáil ag www.plccourses.ie

Teideal an chúrsa	Institiúid/Eagraíocht	Áit	Leibhéal
An Ghaeilge (Ginearálta)			
Teastas Eorpach na Gaeilge	Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí	Baile an Fheirtéaraigh	B1
Ardteist Fheidhmeach – Gaeilge Chumarsáideach	Youthreach Subla	Cathair Phort Láirge	Leibhéal 4
Rang Tacaíochta Gaeilge	Ionad Foghlama Casla	Gaillimh	Leibhéal 2
Rang Gaeilge	Ionad Foghlama Casla	Gaillimh	Leibhéal 2
Na hEalaíona agus An Teagasc			
Na hEalaíona Liobrálacha agus an Ghaeilge (Cúrsa Réamhollscoile)	Coláiste Breisoideachais Dhún Búinne	An Mhí	Leibhéal 5
Léann na hEorpa agus an Ghaeilge (Cúrsa Réamhollscoile)	Coláiste Breisoideachais Dhún Búinne	An Mhí	Leibhéal 5
Múinteoireacht (Cúrsa Réamhollscoile)	Coláiste Breisoideachais Dhún Búinne	An Mhí	Leibhéal 5
Bonnchlár Dioplóma Rochtana na Ceathrún Rua (Access)	Ollscoil na Gaillimhe	Gaillimh	Leibhéal 6
Teastas i Múineadh na Gaeilge d'Fhoghlaimeoirí Fásta	Ollscoil Mhá Nuad	Ar líne	Leibhéal 6
Staidéar Cultúir agus Oidhreachta	Coláiste Stiofáin Naofa	Corcaigh	Leibhéal 5
Ceol agus Rince			
Ceol Traidisiúnta na hÉireann	Coláiste Stiofáin Naofa	Corcaigh	Leibhéal 5
Ceol Traidisiúnta na hÉireann	VTOS Droim Seanbhó	Liatroim	Leibhéal 5
BTEC i dTaibhiú Cheol Traidisiúnta na hÉireann agus Ceol Tíre	Institiúid Breisoideachais Bhré	Cill Mhantáin	Leibhéal 6
Taibhiú Cheol Traidisiúnta na hÉireann agus Cúrsa Oiliúna i nDéantús, Deisiú agus Cothabháil Uirlisí	Coláiste Breisoideachais Bhaile Formaid	Baile Átha Cliath	Leibhéal 6
Rince Gaelach le hAclaíocht & Corpacmhainn	Coláiste Íde, Coláiste Breisoideachais	Baile Átha Cliath	Leibhéal 5
Cúram/Oideachas Luath-Óige			
Cúram agus Oideachas Luath-Óige	Ionad Breisoideachais Ros Muc	Gaillimh	Leibhéal 5
Cúram agus Oideachas Luath-Óige	Scoil Phobail Mhic Dara, Carna	Gaillimh	Leibhéal 5
Cúram agus Oideachas Luath-Óige	Muintearas, Tír an Fhia	Gaillimh	Leibhéal 6